



2023/2408

31.10.2023

CINNEADH (AE) 2023/2408 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Deireadh Fómhair 2023

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ⁽¹⁾ ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ⁽²⁾ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.
- (2) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus go háirithe a Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a aisghabháil ('an Prótacal') déantar foráil maidir le creat láidir dlíthiúil i ndáil le comhar maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus maidir le héilimh a aisghabháil. Formhór na n-uirlisí a úsáideann na Ballstáit faoi láthair chun comhar riaracháin a dhéanamh agus chun éilimh a aisghabháil, rachaidh siad chun tairbhe don comhar sin.
- (3) Tá an Coiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil ('an Coiste Speisialaithe Trádála') arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair le moltaí a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh, chun feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Phrótacail a áirithiú.
- (4) Le linn an tríú cruinniú den Choiste Speisialaithe Trádála, tá sé le cinneadh a ghlacadh ar an nós imeachta chun comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus cinntí eile a bhaineann le feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Phrótacail a thabhairt i gcrích.
- (5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe Trádála a bhunú, ós rud é go mbeidh na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse agus cinntí eile atá le glacadh ag an gCoiste Speisialaithe Trádála ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa tríú cruinniú den Choiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil ('an Coiste Speisialaithe Trádála'), arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, leagtar amach é sna dréachtchinní ón gCoiste Speisialaithe Trádála atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

⁽¹⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

Airteagal 2

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa tríú cruinniú den Choiste Speisialaithe Trádála a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha nua cúnaimh le fógraí riaracháin a leagtar amach i ndruchtchinnadh ón gCoiste Speisialaithe a ghabhann leis an gCinneadh seo maidir le foirmeacha caighdeánacha chun faisnéis agus sonraí staidrimh, sa bhreis ar an seasamh atá le glacadh dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo, aontú le coigeartú a dhéanfar amach anseo ar na foirmeacha atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an druchtchinnadh sin, chun iad a chur i gcomhréir leis an gcóras um Malartú Foirmeacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 2866 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Féachfaidh an tAontas le teacht ar chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe go mbainfidh an dá Pháirtí úsáid iomlán as na gnéithe sin ar bhonn deonach, go dtí go ndéanfar ailíniú den sórt sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
T. RIBERA RODRÍGUEZ

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 2866 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle i dtaca leis na foirmeacha caighdeánacha, leis an gceadú uathoibrithe ar fhaisnéis áirithe agus leis an gcomhaontú ar leibhéal seirbhíse.

IARSCRÍBHINN I

CINNEADH Uimh. X/2023 ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA
um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil ARNA BHUNÚ
LEIS AN gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach
do Fhuinneamh Adamhach, DE PHÁIRT, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart
Éireann, den pháirt eile

an ...

maidir leis an nós imeachta chun comhaontú ar an leibhéal seirbhíse a thabhairt i gcrích

AN COISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ⁽¹⁾ agus go háirithe a Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil ('an Prótacal'), go háirithe pointe (k) d'Airteagal PVAT.39(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. De bhun Airteagal PVAT.5 den Phrótacal, tá comhaontú ar an leibhéal seirbhíse lena n-áiríteofar cáilíocht theicniúil agus cainníocht na seirbhísí maidir le feidhmiú na gcóras cumarsáide agus malartaithe faisnéise le tabhairt i gcrích de réir an nós imeachta arna bhunú ag an gCoiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus cánacha agus dleachtanna a aisghabháil ('an Coiste Speisialaithe Trádála').
2. Is gá socrúithe praiticiúla a ghlacadh chun Airteagal PVAT.5 den Phrótacal a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Tugtar i gcrích leis seo an comhaontú ar an leibhéal seirbhíse a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.
2. Beidh sé ina cheangal ar na Páirtithe sa Phrótacal ón lá tar éis don Choiste Speisialaithe Trádála é a fhormheas.
3. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí sa Phrótacal athbhreithniú ar an gcomhaontú ar an leibhéal seirbhíse a iarraidh trí iarraidh a chur chuig comhchathaoirligh an Choiste Speisialaithe Trádála. Go dtí go ndéanfaidh an Coiste Speisialaithe Trádála cinneadh maidir leis na hathruithe atá beartaithe, leanfaidh forálacha an leagain deiridh den chomhaontú ar an leibhéal seirbhíse ábhartha a tugadh i gcrích de bheith i bhfeidhm.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in ..., an ...

Thar ceann an Choiste Speisialaithe Trádála
Na Comhchathaoirligh

⁽¹⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

IARSCRÍBHINN

COMHAONTÚ AR AN LEIBHÉAL SEIRBHÍSE MAIDIR LEIS NA CÓRAIS AGUS NA FEIDHMEANNA LE HAGHAIDH COMHAR RIARACHÁIN I DTACA LE CBL AGUS MAIDIR LE CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH CHUN ÉILIMH A AISGHABHÁIL

1. GNÍOMHARTHA IS INFHEIDHME AGUS DOICIMÉID TAGARTHA

1.1. GNÍOMHARTHA IS INFHEIDHME

Cuirtear san áireamh sa Chomhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse seo liosta na gcomhaontuithe agus na gcinntí is infheidhme a liostaítear thíos.

[AD.1.]	An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') agus go háirithe a Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil ('an Prótacal') (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10)
[AD.2.]	Cinneadh Uimh. ón gCoiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus cánacha agus dleachtanna a aisghabháil arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus go háirithe a Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil ('an Prótacal'), an... [dáta] maidir le foirmeacha caighdeánacha chun faisnéis agus sonraí staidrimh a chur in iúl, maidir le tarchur faisnéise trí líonra CCN agus maidir leis na socruithe praiticiúla i dtaca le heagrú na dteagmhálacha idir na lároifigí idirchaidrimh agus na ranna idirchaidrimh
[AD.3.]	Cinneadh Uimh. ° ón gCoiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus cánacha agus dleachtanna a aisghabháil arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an ... [dáta] lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le forálacha a bhaineann le cúnamh maidir le haisghabháil an Phrótacail ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil

Tábla 1: Gníomhartha is infheidhme

1.2. DOICIMÉID TAGARTHA

Cuirtear san áireamh sa Chomhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse seo an fhaisnéis a sholáthraítear sna doiciméid tagartha seo a leanas:

[RD.1.]	Beartas Slándála Ginearálta CCN/CSI (<i>Tairseach Gréasáin ITSM</i>)
[RD.2.]	Seicliosta Slándála Bonnlíne CCN/CSI (<i>Tairseach Gréasáin ITSM</i>)
[RD.3.]	<i>https security recommendations of CCN/Mail III Webmail access – Ref. CCN/Mail III User Guide for NAs</i> [https moltaí slándála maidir le rochtain ar phost gréasáin CCN/Mail III – Tagairt CCN/Mail III Treoir Úsáideora do Riarthóirí Líonra]
[RD.3.]	<i>Security recommendations of CCN/Mail III Webmail access – Ref. CCN Intranet – Local Network Administrator Guide</i> [Moltaí slándála maidir le Rochtain ar Phost Gréasáin CCN/Mail III – Tagairt Inlíon CCN – Treoir do Riarthóirí Líonra Logánta]

Tábla 2: Doiciméid Tagartha

2. TÉARMAÍOCHT

2.1. ACRAINMNEACHA

ACRAINM	SAINMHÍNIÚ
CCN	Líonra Cumarsáide Coiteann
CET	Am Lár na hEorpa
CIRCABC	Riarthóir Ionad Acmhainní um Chumarsáid agus um Fhaisnéis
AS	Ard-Stiúrtóireacht
EoF	Malartú Foirmeacha
ITIL ^(?)	Leabharlann an Bhonneagair Teicneolaíochta Faisnéise
ITSM	Bainistiú na Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise
CBL	Cáin Bhreisluacha

Tábla 3: Acrainmneacha

2.2. SAINMHÍNITHE

LÉIRIÚ	SAINMHÍNIÚ
CET	Am Lár na hEorpa, GMT+ 1 uair an chloig agus le linn an tsamhraidh GMT+ 2 uair an chloig
Páirtí	Laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe ar an Leibhéal Seirbhíse seo, ciallóidh 'Páirtí' an Ríocht Aontaithe nó an Coimisiún.
Laethanta oibre agus uaireanta oibre (deasc seirbhíse ITSM)	7:00 go 20:00 (CET), 5 lá sa tseachtain (ó Luan go hAoine agus laethanta saoire san áireamh)

Tábla 4: Sainmhínithe

3. RÉAMHRÁ

Is éard atá sa doiciméad seo Comhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') agus an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), dá ngairtear le chéile 'na Páirtithe sa Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse'.

3.1. RAON FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE AR AN LEIBHÉAL SEIRBHÍSE

Sonraítear in Airteagal PVAT.5 den Phrótocal 'Comhaontú ar an Leibhéal seirbhíse lena n-áiríteofar cáilíocht theicniúil agus cainníocht na seirbhísí maidir le feidhmiú na gcóras cumarsáide agus malartaithe faisnéise, déanfar é a thabhairt i gcrích'.

Leagtar amach sa Chomhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse seo an caidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an Coimisiún maidir le húsáid na gcóras agus na bhfeidhmchlár le haghaidh comhar riaracháin maidir le CBL agus aisghabháil éileamh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit a mhéid a bhaineann le malartú foirmeacha.

Stiúrann an Coimisiún an próiseas chun teacht ar chomhaontú maidir le comhar riaracháin trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise. Baineann sé sin le caighdeáin, nósanna imeachta, uirlisí, teicneolaíocht agus bonneagar. Soláthraítear cúnaimh don Ríocht Aontaithe chun a áirithiú go mbeidh córais malartaithe sonraí ar fáil agus go gcuirfead chun feidhme i gceart iad. Soláthraíonn an Coimisiún faireachán, maoirseacht agus meastóireacht ar an gcóras foriomlán freisin.

Ní bheidh na spriocanna uile dá dtagraítear sa Chomhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse infheidhme ach amháin faoi ghnáthchoinníollacha oibre.

^(?) ITIL:

<http://www.itil-officialsite.com>

http://www.best-management-practice.com/gempdf/itSMF_An_Introductory_Overview_of_ITIL_V3.pdf

I gcás imeachtaí *force majeure*, cuirfear infheidhmeacht an Chomhaontaithe ar an Leibhéal Seirbhíse maidir leis an Ríocht Aontaithe ar fionraí ar feadh fhad na gcoinníollacha *force majeure* sin.

Is éard is *force majeure* ann teagmhas nach féidir a thuar nó tarlú nach bhfuil neart ag an Ríocht Aontaithe nó ag an gCoimisiún air, agus nach bhfuil inchurtha i leith an Pháirtí atá freagrach as aon ghníomh nó mainneachtain beart coisctheach a dhéanamh. Le teagmhais den sórt sin déantar tagairt do ghníomhaíochtaí rialtais, rialacháin maidir le cogadh, dóiteán, pléascadh, tuile, allmhairiú nó onnmhairiú nó trádhaic agus díospóidí saothair, go háirithe.

Cuirfidh an Páirtí atá ag agairt an *force majeure* an Páirtí eile ar an eolas gan mhoill nach féidir seirbhísí a sholáthar nó nach féidir spriocanna an Chomhaontaithe ar an Leibhéal Seirbhíse a bhaint amach mar gheall ar theagmhais *force majeure*, agus leagfaidh sé amach na seirbhísí agus na spriocanna dá ndéantar difear. Mar an gcéanna, nuair a bheidh deireadh leis an teagmhas *force majeure*, cuirfidh an Páirtí dá ndéantar difear an Páirtí eile ar an eolas faoi sin gan mhoill.

3.2. TRÉIMHSE AN CHOMHAONTAITHE

Tá an Comhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse ina cheangal ar na Páirtithe ón lá tar éis don Choiste Speisialaithe Trádála arna bhunú le hAirteagal 8(1)(k) den Chomhaontú Trádála agus Comhair é a fhorghas.

4. FREAGRACHTAÍ

Is é is cuspóir don Chomhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse seo cáilíocht agus cainníocht na seirbhísí atá le soláthar ag an gCoimisiún agus ag an Ríocht Aontaithe a áirithiú chun na córais agus na feidhmchláir shonraithe le haghaidh comhar riaracháin maidir le CBL agus aisghabháil éileamh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a chur ar fáil don Ríocht Aontaithe agus don Choimisiún.

4.1. SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHRAÍONN AN COIMISIÚN DON RÍOCHT AONTAITHE

Cuirfidh an Coimisiún na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

Córas lárnach, ar a dtugtar *eForms Central Applications* (eFCA) ionas gur féidir foirmeacha a mhalartú idir na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe.

Rochtain ar CCN/Mail nó ar an líonra cumarsáide coiteann agus a n-úsáid a sholáthair de réir mar is ábhartha.

Rochtain ar spásanna comhroinnte ábhartha ar CIRCABC agus úsáid na spásanna sin.

Seirbhísí oibríochtúla mar a leanas:

Deasc chabhrach agus oibríochtaí:

- (a) Tacaíocht ón deasc chabhrach;
- (b) Láimhseáil teagmhas;
- (c) Faireachán agus fógra a thabhairt;
- (d) Oiliúint;
- (e) Bainistiú Slándála;
- (f) Tuairiscíú agus staidreamh;
- (g) Comhairliúchán

Lárionad tagartha:

- (a) Bainistiú Faisnéise;
- (b) Lárionad Doiciméadachta (CIRCABC).

4.2. SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHRAÍONN AN RÍOCHT AONTAITHE DON CHOIMISIÚN

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

Aon choinníoll eisceachtúil a chur in iúl don Choimisiún.

Aon fhaisnéis atá ar fáil a chur in iúl don Choimisiún, ar fhaisnéis í lena gcuirfí cosc ar úsáid chuí na gcóras TF (cinn Eorpacha nó náisiúnta) is gá chun aidhm an Phrótacaíl a bhaint amach.

Seirbhísí oibríochtúla mar a leanas:

Deasc chabhrach agus oibríochtaí:

- (a) Tacaíocht ón deasc chabhrach;
- (b) Láimhseáil teagmhas;
- (c) Bainistiú Slándála.

5. TUAIRISC AR NA SEIRBHÍSÍ

Sa chaibidil seo tugtar tuairisc mhionsonraithe ar ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla na seirbhísí atá le soláthar ag an gCoimisiún agus ag an Ríocht Aontaithe mar a thuairiscítear thuas.

5.1. SEIRBHÍS AN CHOIMISIÚIN ATÁ LE SOLÁTHAIR DON RÍOCHT AONTAITHE

5.1.1. Deasc Seirbhíse

5.1.1.1. Comhaontú

Cuirfidh an Coimisiún Deasc Seirbhíse ar fáil chun freagra a thabhairt ar aon cheist agus chun aon fhadhb a thuairisciú a bheidh ag an Ríocht Aontaithe leis na córais agus leis na feidhmchláir le haghaidh comhar riaracháin agus aisghabháil éileamh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna nó le haon chomhpháirt a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh. Is é ITSM a oibreoidh an Deasc Seirbhíse sin agus is ionann a huaireanta oibre agus uaireanta oibre ITSM.

Áiríteofar go mbeidh Deasc Seirbhíse ITSM ar fáil le linn 95 % de na huaireanta oibriúcháin ar a laghad. Is féidir gach ceist nó fadhb a chur in iúl don deasc seirbhíse le linn uaireanta oibre ITSM ar an teileafón nó trí ríomhphost agus lasmuigh de na huaireanta oibre sin trí ríomhphost. I gcás ina bhfaightear na ceisteanna nó na fadhbanna sin lasmuigh d'uaireanta oibre ITSM, measfar go huathoibríoch gur tháinig siad isteach ag 8:00 CET an chéad lá oibre eile.

Déanfaidh an Deasc Seirbhíse na glaonna seirbhísí a chlárú agus a aicmiú in Uirlis Bainistithe Seirbhísí agus cuirfidh sí an Páirtí tuairiscithe ar an eolas faoi aon athrú ar an stádas maidir lena ghlaonna seirbhíse.

Soláthróidh ITSM tacaíocht ar an gcéad líne do na húsáideoirí agus seolfaidh sé aon ghlaó seirbhísí, a bhfuil páirtí eile freagrach as (e.g. foireann an fhorbróra, conraitheoirí ITSM) laistigh den am sonraithe.

Is ar an leibhéal tosaíochta a chinnfear na hamanna freagartha agus na hachair réitigh araon. Is é ITSM a shocraíonn an méid sin, ach féadfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún leibhéal tosaíochta sonracha a cheangal.

Is é an t-achar clárúcháin an t-eatramh ama uasta is ceadmhach idir an t-am a fhaightear an ríomhphost agus an t-am a sheoltar an ríomhphost admhála.

Is éard atá san achar réitigh an t-eatramh ama idir clárú an teagmhais agus seoladh na faisnéise faoi réiteach chuig an eisitheoir. Áirítear leis sin freisin an t-achar ama atá i gceist leis an teagmhas a dhúnadh.

Ní sprioc-amanna dochta a bheidh iontu sin toisc nach gcuirtear san áireamh leo ach an t-am a ghníomhaíonn ITSM i leith an ghlaó seirbhísí. Nuair a sheoltar glao seirbhísí chuig an Ríocht Aontaithe, chuig an gCoimisiún nó chuig páirtí eile (e.g. foireann an fhorbróra, conraitheoirí ITSM) níl an t-am sin san áireamh in achar réitigh ITSM.

Áiritheoidh ITSM go gcomhlíonfar na sprioc-amanna admhála agus réitigh in 95 % de na cásanna, ar a laghad, laistigh de mhí tuairiscithe.

TOSAÍOCHT	ACHAR ADMHÁLA	ACHAR RÉITIGH
P1: Criticiúil	30 m	4 uair an chloig
P2: Ard	30 m	13 uair an chloig (1 lá)
P3: Meánach	30 m	39 uair an chloig (3 lá)
P4: Íseal	30 m	65 uair an chloig (5 lá)

Tábla 5: Achair admhála agus achair réitigh (achar ama oibre)

5.1.2. Seirbhís Staidrimh

5.1.2.1. Comhaontú

Ginfidh an Coimisiún staidreamh faoi líon na malartuithe i réimse CBL agus aisghabhála trí úsáid a bhaint as CCN/Mail, atá ar fáil ar thairseach Gréasáin ITSM.

5.1.3. Bainistiú Slándála

5.1.3.1. Comhaontú

Cosnóidh an Coimisiún Eorpach a chórais agus a fheidhmchláir le haghaidh comhar riaracháin agus aisghabháil éileamh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna ar sháruithe slándála agus leanfaidh sí aon sárú slándála agus aon fheabhsú slándála a dhéantar.

5.1.3.2. Tuairisciú

Tuairisceoidh an Coimisiún, ar bhonn *ad hoc*, do na páirtithe lena mbaineann maidir le haon sárú slándála agus maidir le haon bheart a rinneadh.

5.2. SEIRBHÍSÍ NA RÍOCHTA AONTAITHE ATÁ LE SOLÁTHAR DON CHOIMISIÚN

5.2.1. Gach Réimse Bainistíochta ar an Leibhéal Seirbhíse

5.2.1.1. Comhaontú

Cláróidh an Ríocht Aontaithe aon fhadhb nó athrú neamh-infhaighteachta ⁽³⁾ maidir le gnéithe teicniúla, feidhmiúla agus eagraíochtúla chórais agus fheidhmchláir na Ríochta Aontaithe le haghaidh comhar riaracháin maidir le CBL agus aisghabháil éileamh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna agus a dhéanann difear do mhalartuithe faoin bPrótacal.

5.2.1.2. Tuairisciú

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe ITSM ar an eolas i gcás inar gá maidir le haon fhadhb neamh-infhaighteachta nó athrú maidir le gnéithe teicniúla, feidhmiúla nó eagraíochtúla a gcórais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mhalartuithe faoin bPrótacal. Cuirfear ITSM ar an eolas i gcónaí faoi aon athrú maidir leis an bpearsanra oibriúcháin (oibreoirí, riarthóirí córais).

5.2.2. Deasc Seirbhíse

5.2.2.1. Comhaontú

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe deasc seirbhíse ar fáil chun freagairt do theagmhais a sannadh don Ríocht Aontaithe, chun cúnaimh a thabhairt agus chun tástáil a dhéanamh más gá. Ba cheart uaireanta oibre na deisce seirbhíse a bheith comhoiriúnach le huaireanta oibre Dheasc Seirbhíse ITSM le linn laethanta oibre ITSM. Feidhmeoidh deasc seirbhíse na Ríochta Aontaithe idir 10:00-16:00 CET ar a laghad le linn laethanta oibre, seachas ar laethanta saoire náisiúnta na Ríochta Aontaithe. Moltar go leanfaidh deasc seirbhíse na Ríochta Aontaithe treoirlínte tacaíochta sheirbhís ITIL chun na ceisteanna agus na teagmhais a láimhseáil.

5.2.2.2. Tuairisciú

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe ITSM ar an eolas i gcás inar gá maidir le haon fhadhb infhaighteachta a bhaineann lena deasc seirbhíse.

5.2.3. Bainistiú Fadhbanna

5.2.3.1. Comhaontú

Coinneoidh an Ríocht Aontaithe sásra clárúcháin fadhbanna ⁽⁴⁾ agus sásra leantach ar bun maidir le haon fhadhb a dhéanann difear do mhalartuithe faoin bPrótacal.

⁽³⁾ Moltar úsáid a bhaint as prionsabail a dtugtar tuairisc orthu sa bhainistiú teagmhas in ITIL.

⁽⁴⁾ Bainteach le próisis bainistithe Fadhbanna agus Athraithe ITIL.

5.2.3.2. Tuairiscíú

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe ITSM ar an eolas i gcás ina bhfuil fadhb inmheánach aici leis an mbonneagar teicniúil a bhaineann lena córais agus lena feidhmchláir féin le haghaidh comhar riaracháin agus aisghabháil éileamh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna, a dhéanann difear do mhalartuithe faoin bPrótacal.

5.2.4. Bainistiú Slándála

5.2.4.1. Comhaontú ⁽⁵⁾

Cosnóidh an Ríocht Aontaithe a córais agus a feidhmchláir le haghaidh comhar riaracháin maidir le CBL agus aisghabháil éileamh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna ar sháruithe slándála agus leanfaidh sí aon sárú slándála agus aon fheabhsú slándála a dhéantar.

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe córais agus próisis slándála TF i bhfeidhm a chomhlíonann nó a sháraíonn na ceanglais agus/nó na moltaí a shonraítear in [RD.1.] agus [FT.2.RD.2.].

5.2.4.2. Tuairiscíú

Tuairisceoidh an Ríocht Aontaithe, ar bhonn *ad hoc*, don Choimisiún maidir le haon sárú slándála agus maidir le haon bheart a rinneadh.

5.3. SEIRBHÍSÍ IDIR AN RÍOCHT AONTAITHE AGUS NA BALLSTÁIT

5.3.1. Malartú Foirmeacha

5.3.1.1. Comhaontú

Léirítear na tagairtí dlíthiúla le haghaidh spriocanna ama a shonraítear sa Phrótacal:sa tábla seo a leanas:

Bosca ríomhphost CCN/Mail	Foirm
VIESCLO	Malartú Faisnéise faoi Airteagail PVAT.7, 8, 10, 11, 12 agus 16 den Phrótacal Malartuithe ginearálta
VIESCLO	Malartú Faisnéise faoi Airteagail PVAT.7, 8, 10, 11, 12 agus 16 den Phrótacal Iarraidh ar fhógra
TAXFRAUD	Malartú Faisnéise faoi Airteagail PVAT.7, 8, 10, 11, 12 agus 16 den Phrótacal Malartuithe frith-chalaoise
TAXAUTO	Malartuithe uathoibríocha
REC-A-CUST; REC-B-VAT; REC-C-EXCISE; REC-D-INCOME-CAP; REC-E-INSUR; REC-F-INHERIT-GIFT; REC-G-NAT-IMMOV; REC-H-NAT-TRANSP; REC-I-NAT-OTHER; REC-J-REGIONAL; REC-K-LOCAL; REC-L-OTHER; REC-M-AGRI	Iarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal PVAT.20 den Phrótacal Iarraidh ar fhógra faoi Airteagal PVAT.23 den Phrótacal Iarraidh ar aisghabháil faoi Airteagal PVAT.25 den Phrótacal Iarraidh ar bhearta réamhchúraim faoi Airteagal PVAT.31 den Phrótacal

Tábla 6: Feidhmíocht EoF

(5) Is iad seo na leaganacha doiciméid atá ar fáil agus an Comhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse seo á dhréachtú. Iarrtar ar an léitheoir aon nuashonrú breise a sheiceáil ar Thairseach CCN/CSI (<http://portal.ccntc.cncsi.int:8080/portal/DesktopDefault.aspx?tabid=1>).

6. FORMHEAS AN CHOMHAONTAITHE AR AN LEIBHÉAL SEIRBHÍSE

Ní mór don Choiste Speisialaithe Trádála an Comhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse a fhormheas chun go mbeidh sé infheidhme.

7. ATHRUITHE AR AN gCOMHAONTÚ AR AN LEIBHÉAL SEIRBHÍSE

Déanfar athbhreithniú ar an gComhaontú ar an Leibhéal Seirbhíse tar éis iarraidh i scríbhinn ón gCoimisiún nó ón Ríocht Aontaithe chuig an gCoiste Speisialaithe Trádála.

Go dtí go ndéanfaidh an Coiste Speisialaithe Trádála cinneadh maidir leis na hathruithe atá beartaithe, leanfaidh forálacha an Chomhaontaithe ar an Leibhéal Seirbhíse de bheith i bhfeidhm. Gníomhaíonn an Coiste Speisialaithe Trádála mar chomhlacht cinnteoireachta i leith an chomhaontaithe seo.

8. POINTE TEAGMHÁLA

Chun aon cheist a chur nó chun tuairim a thabhairt maidir leis an doiciméad seo, déan teagmháil le:

SOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSE – DEASC SEIRBHÍSE

support@itsmtaxud.europa.eu

—

IARSCRÍBHINN II

CINNEADH Uimh. X/2023 ón gCOISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA

um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil ARNA BHUNÚ LEIS AN gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, DE PHÁIRT, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

an ...

maidir le méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais i leith an chostais a ghin sí trína rannpháirtíocht sna Córais Eorpacha Faisnéise

AN COISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ⁽¹⁾ ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') agus go háirithe a Phrótocal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil ('an Prótocal'), go háirithe Airteagal PVAT.39(2)(g) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Le Rialachán (AE) Uimh. 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leagtar síos na rialacha maidir le forbairt, oibriú agus cothabháil na gCórais Eorpacha Faisnéise.
2. Is comhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise iad an Líonra Cumarsáide Coiteann ('CCN') agus na foirmeacha leictreonacha atá le glacadh de bhun phointe (d) d'Airteagal PVAT.39(2) den Phrótocal.
3. De bhun Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/847, tá úsáid chomhpháirteanna an Aontais de na Córais Eorpacha Faisnéise a dhéanann tíortha neamh-rannpháirteacha faoi réir comhaontuithe leis na tíortha sin atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
4. Is gá méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais a chinneadh i leith an chostais a ghin sí trína rannpháirtíocht sna Córais Eorpacha Faisnéise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Costais oiriúnaithe

1. Is é an méid atá le híoc ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as na leasuithe ar na foirmeacha leictreonacha le haghaidh CBL agus Aisghabhála atá le glacadh de bhun phointe (d) d'Airteagal PVAT. 39(2) den Phrótocal EUR 36 250.
2. Íocfar an méid laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an Chinnidh seo.

⁽¹⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 (IO L 188, 28.5.2021, lch. 1).

*Airteagal 2***Ranníocaíocht airgeadais bhliantúil**

1. Go dtí an 31 Nollaig 2025, is é EUR 12 600 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil a íocfaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais.
2. Go dtí an 1 Eanáir 2026, is é EUR 42 000 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil a íocfaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais.
3. Cumhdófar leis an ranníocaíocht bhliantúil caiteachais a bhaineann le forbairt, cothabháil agus uasghrádú réiteach TF (CCN, ríomhfhoirmeacha, etc.).
4. Déantar athmheastóireacht gach bliain ar an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil.
5. Faoin 15 Bealtaine gach bliain, iarrfaidh an Coimisiún ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a ranníocaíocht le haghaidh na bliana roimhe sin a íoc.

*Airteagal 3***Modh íocaíochta**

Ní mór gach íocaíocht dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 a dhéanamh in euro le cuntas bainc an Choimisiúin a luaitear ar an nóta dochair, laistigh de 60 lá. Má íocann Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a ranníocaíocht i dtréimhse ama is déanaí ná 60 lá, féadfaidh an Coimisiún ús a ghearradh ar an riaráiste (ag an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm i leith a chuid oibríochtaí in euro, a fhoilsítear i sraith 'C' d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ar an lá a théann an sprioc-am le haghaidh aisíocaíochta in éag, móide pointe amháin go leith).

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in ..., an ...

*Thar ceann an Choiste Speisialaithe Trádála
Na Comhchathaoirligh*

IARSCRÍBHINN III

CINNEADH Uimh. X/2023 ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA

um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil ARNA BHUNÚ LEIS AN gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, DE PHÁIRT, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

an ...

lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le forálacha a bhaineann le cúnaimh maidir le haisghabháil an Phrótacail ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil

AN COISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ⁽¹⁾ agus go háirithe a Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil ('an Prótacal'), go háirithe Airteagal PVAT.39(2)(j) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Is gá socrúithe praiticiúla a ghlacadh chun Airteagal PVAT.39(2)(j) den Phrótacal a chur chun feidhme.
2. Ba cheart rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir leis na socrúithe praiticiúla agus na tréimhsí ama le haghaidh cumarsáid idir na húdaráis iarrtha agus na húdaráis is iarratasóirí, chun cumarsáid thapa eatarthu a áirithiú.
3. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is iomchúí go luafar go sainráite éifeacht dhlíthiúil na bhfógraí a thugann an Stát iarrtha arna iarraidh sin don Stát is iarratasóir.
4. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is iomchúí rialacha sonracha a sholáthar maidir le húsáid na hionstraime aonfhoirmí lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha.
5. Is iomchúí rialacha sonracha a ghlacadh maidir le méideanna aisghafa a aistriú agus a aisíoc.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1***Cumarsáid**

1. Iarraidh arna seoladh trí mheán leictreonach le haghaidh chur i bhfeidhm Theideal III den Phrótacal seo, seolfar í trí líonra CCN, idir boscaí poist CCN atá curtha ar bun don chineál cánach nó dleachta lena mbaineann an iarraidh, ach amháin má chomhaontaíonn lároifigí idirchaidrimh na Stát is iarratasóir nó iarrtha go bhféadfar ceann amháin de na boscaí poist a úsáid le haghaidh iarrataí a bhaineann le cineálacha éagsúla cánacha nó dleachtanna.

Mar sin féin, má bhaineann iarraidh ar fhógra a thabhairt faoi dhoiciméid le níos mó ná cineál amháin cánach nó dualgais, cuirfidh an t-údarás is iarratasóir an iarraidh sin chuig bosca ríomhphoist a bheidh curtha ar bun le haghaidh ceann amháin ar a laghad de na cineálacha éileamh atá luaite sna doiciméid a mbeidh fógra le tabhairt ina leith.

⁽¹⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

2. Féadfaidh baint a bheith ag iarraidh ar fhaisnéis, ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim le haon duine de na daoine seo a leanas:
 - (a) an príomhfhéichiúnaí nó comhfhéichiúnaí;
 - (b) duine seachas féichiúnaí nó comhfhéichiúnaí, atá faoi dhliteanas i leith na n-éileamh faoin dlí atá i bhfeidhm sa Stát is iarratasóir;
 - (c) aon tríú páirtí a bhfuil sócmhainní ina sheilbh ar le duine de na daoine dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) iad, nó a bhfuil fiacha dlíte aige do dhuine de na daoine dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b).
3. Féadfaidh baint a bheith ag iarraidh ar fhógra le haon duine a gceanglaítear air nó uirthi, de réir an dlí atá i bhfeidhm sa Stát is iarratasóir, a chur ar an eolas faoi aon doiciméad a bhaineann leis an duine sin.

Airteagal 2

Rialacha cur chun feidhme a bhaineann leis an bhfoirm chaighdeánach

Maidir leis an bhfaisnéis a luaitear san fhoirm chiaghdeánach dá dtagraítear in Airteagal PVAT.23(1) den Phrótacal, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) luafar méid an éilimh i gcás ina mbeidh sé leagtha síos cheana;
- (b) an tréimhse a bhfuil fógra le cur isteach laistigh di, is féidir í a léiriú le léiriú an dáta a bhfuil sé beartaithe ag an údarás is iarratasóir fógra a thabhairt roimhe.

Airteagal 3

Rialacha cur chun feidhme a bhaineann leis an ionstraim aonfhoirmeach nó leis an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha

1. An ionstraim aonfhoirmeach nó an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha a ghabhann leis an iarraidh ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim, comhlíonfaidh an t-údarás is iarratasóir í nó comhlíonfar í faoi chúraim an údaráis sin, ar bhonn na hionstraime tosaí lena gceadaítear forghníomhú sa Stát is iarratasóir.
2. Na pionóis riaracháin, na fíneálacha, na táillí agus na formhuirir agus an t-ús agus na costais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal PVAT.2(1) den Phrótacal a d'fhéadfadh, i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm sa Stát is iarratasóir, a bheith dlite ó dháta na hionstraime tosaigh lena gceadaítear forghníomhú go dtí an lá roimh an dáta a sheolfar an iarraidh ar aisghabháil, féadfar iad a chur isteach san ionstraim aonfhoirmeach nó san ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha.
3. Féadfar ionstraim aonfhoirmeach aonair nó ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe aonair lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha a eisiúint maidir le roinnt éileamh agus roinnt daoine, a chomhfhreagraíonn don ionstraim thosaigh nó do na hionstraimí tosaigh lena gceadaítear forghníomhú sa Stát is iarratasóir.
4. A mhéid atá ionstraim ghinearálta lena gceadaítear forghníomhú maidir leis na héileamh uile sa Stát tagtha in ionad ionstraimí tosaigh lena gceadaítear forghníomhú maidir leis na héilimh sin sa Stát sin, féadfaidh an ionstraim aonfhoirmeach nó an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha a bheith bunaithe ar na hionstraimí tosaigh lena gceadaítear forghníomhú sa Stát is iarratasóir nó ar an ionstraim ghinearálta sin lena dtugtar le chéile na hionstraimí tosaigh sin sa Stát is iarratasóir.
5. I gás ina bhfuil roinnt éileamh san ionstraim thosaigh dá dtagraítear i mír 2 nó san ionstraim ghinearálta dá dtagraítear i mír 3, ar bailíodh nó ar aisghabhadh ceann amháin nó níos mó díobh cheana féin, ní dhéanfaidh an ionstraim aonfhoirmeach nó an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha tagairt ach do na héilimh sin a n-iarrtar cúnaimh maidir le haisghabháil ina leith.
6. I gcás ina mbeidh roinnt éileamh san ionstraim thosaigh dá dtagraítear i mír 2 nó san ionstraim ghinearálta dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh an t-údarás is iarratasóir na héilimh sin a liostú in ionstraimí aonfhoirmeacha nó ionstraimí aonfhoirmeacha athbhreithnithe éagsúla lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha, i gcomhréir le deighilt inniúlachtaí na n-oifigí aisghabhála faoi seach sa Stát iarrtha a bhaineann le cineál cánach.

7. Mura féidir le líonra CCN iarraidh a tharchur agus mura dtarchuirfear í tríd an bpost, síneoidh oifigeach cuí-údaraithe de chuid an údaráis is iarratasóir an ionstraim aonfhoirmeach nó an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha.

8. An seolaí a gcuirfear iarraidh ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim chuige, ní fhéadfaidh sé brath ar an bhfógra ná ar an teachtaireacht maidir leis an ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha chun síneadh a chur leis an tréimhse ama leis an éileamh nó an ionstraim thosaigh lena gceadaítear forghníomhú a chonspóid ná chun an tréimhse sin a athoscailt má tugadh fógra go bailí air sin.

Airteagal 4

Na suimeanna atá le haisghabháil a chomhshó

1. Sonróidh an t-údarás is iarratasóir méid an éilimh atá le haisghabháil in airgeadra an Stáit is iarratasóir agus in airgeadra an Stáit iarrtha.

2. I gcás iarrataí a chuirfear chuig an Ríocht Aontaithe, is é an ráta malairte a bheidh le húsáid chun críocha an chúnaimh maidir le haisghabháil an ráta malairte arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach an lá roimh an dáta a gcuirfear an iarraidh. I gcás nach mbeidh ráta den sórt sin ar fáil ar an dáta sin, is é an ráta malairte a úsáidfear an ráta malairte is déanaí a bheidh foilsithe ag an mBanc Ceannais Eorpach roimh an dáta a seolfar an iarraidh.

I gcás iarrataí arna seoladh chuig Ballstát, is é an ráta malairte a bheidh le húsáid chun críocha an chúnaimh maidir le haisghabháil an ráta malairte arna fhoilsiú ag Banc Shasana an lá roimh an dáta ar seoladh an iarraidh. I gcás nach mbeidh ráta den sórt sin ar fáil ar an dáta sin, is é an ráta malairte a úsáidfear an ráta malairte is déanaí a bheidh foilsithe ag an Banc Shasana roimh an dáta a seolfar an iarraidh.

3. Chun méid an éilimh a thiocfaidh as an gcoigeartú dá dtagraítear in Airteagal PVAT.30(2) den Phrótacal seo a chomhshó in airgeadra Stát an údaráis iarrtha, úsáidfidh an t-údarás is iarratasóir an ráta malairte a úsáideadh ina iarraidh thosaigh.

Airteagal 5

Teorainneacha ama le haghaidh freagraí

1. Admhóidh an t-údarás iarrtha go bhfuair sé gach iarraidh ar chúnaimh a luaithe agus is féidir agus in aon chás laistigh de 14 lá féilire tar éis dó an iarraidh a fháil.

Ar iarraidh a fháil dó, iarrfaidh an t-údarás iarrtha, i gcás inarb iomchuí, ar an údarás is iarratasóir aon fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar, nó an fhoirm aonfhoirmeach um fhógra nó an ionstraim aonfhoirmeach nó an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha a líonadh isteach, más gá. Soláthróidh an t-údarás is iarratasóir gach faisnéis bhreise is gá ar a mbíonn rochtain aige de ghnáth.

2. I gcás ina ndiúltaíonn an t-údarás iarrtha iarraidh ar chúnaimh faoi Airteagail PVAT.20(4) nó PVAT.33(5) den Phrótacal a láimhseáil, tabharfaidh sé fógra don údarás is iarratasóir faoi na cúiseanna lena dhiúltú a luaithe a bheidh a chinneadh déanta aige agus in aon chás laistigh de mhí amháin ón dáta a admhaítear go bhfuarthas an iarraidh.

Airteagal 6

Forghníomhú na n-iarrataí

1. Agus iarraidh ar fhaisnéis á forghníomhú aige faoi Airteagal PVAT.20 den Phrótacal, déanfaidh an t-údarás iarrtha gach mír faisnéise a iarrtar a tharchur chuig an údarás is iarratasóir de réir mar a gheofar í agus nuair a gheofar í.

I gcás nach féidir an fhaisnéis a iarradh ar fad nó cuid di a fháil laistigh de thréimhse réasúnach, maidir le leithleachas an cháis, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoi sin agus luafaidh sé na cúiseanna.

In aon chás, ag deireadh 6 mhí ó dháta admhála fála na hiarrata, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoi thoradh na n-imscrúduithe atá déanta aige chun an fhaisnéis a iarrtar a fháil.

Ar bhonn na faisnéise a fhaightear ón údarás iarrtha, féadfaidh an t-údarás is iarratasóir iarraidh ar an údarás iarrtha leanúint dá imscrúdú. Déanfar an iarraidh sin laistigh de 2 mhí ó fhógra a fháil maidir le toradh na n-imscrúduithe a rinne an t-údarás iarrtha, agus déanfaidh an t-údarás iarrtha an iarraidh a láimhseáil i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann leis an iarraidh thosaigh.

2. Agus iarraidh ar fhógra faoi Airteagal PVAT.23 den Phrótocal á forghníomhú aige, déanfaidh an t-údarás iarrtha na bearta is gá chun fógra a thabhairt i gcomhréir leis an dlí atá i bhfeidhm sa Stát ina bhfuil sé suite. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas maidir le dáta an fhógra agus an bealach a dtabharfar an fógra a luaithe a bheidh sin déanta, tríd an bhfógra san fhoirm iarrata a cuireadh ar ais chuig an údarás is iarratasóir a dheimhniú.

Fógra a dhéanfaidh an Stát iarrtha i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta, na rialacháin náisiúnta agus na cleachtais náisiúnta atá i bhfeidhm sa Stát sin, measfar go bhfuil an éifeacht chéanna aige sa Stát is iarratasóir agus a bheadh aige dá ndéanfadh an Stát is iarratasóir féin é i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta, na rialacháin náisiúnta agus na cleachtais náisiúnta atá i bhfeidhm sa Stát is iarratasóir.

Fógra faoi dhoiciméad a bhaineann le níos mó ná cineál amháin cánach, dleachta nó birt eile, measfar go bhfuil sé bailí más údarás de chuid Stáit iarrtha a dhéanann é atá inniúil, ar a laghad, maidir le cáin, dleacht nó beart eile a luaitear sa dhoiciméad ar tugadh fógra ina leith, ar choinníoll go bhfuil sé ceadaithe faoi dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha.

An fhoirm aonfhoirmeach um fhógra a ghabhann leis an iarraidh de bhun an dara fohír d'Airteagal PVAT.23(1) den Phrótocal, déanfaidh an t-údarás is iarratasóir í a líonadh isteach nó líonfar isteach í faoi chúram an údaráis sin. Soláthrófar faisnéis léi don seolaí maidir leis na doiciméid ar iarradh cúnaimh leis an bhfógra ina leith. Chun fógra a thabhairt, féadfaidh an Stát iarrtha an fhoirm aonfhoirmeach um fhógra sin a úsáid ina theanga oifigiúil nó i gceann dá theangacha oifigiúla i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

3. Agus iarraidh ar aisghabháil nó bearta réamhchúraim á bhforghníomhú ag an Stát iarrtha faoi Airteagal PVAT.25 nó 31 den Phrótocal, féadfaidh sé an ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear forghníomhú sa Stát sin a úsáid ina theanga oifigiúil féin nó i gceann dá theangacha oifigiúla i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, chun na héilimh a bhfuil cúnaimh maidir le haisghabháil á iarraidh ina leith a fhorfheidhmiú.

I gcás nach féidir an t-éileamh ar fad nó cuid de a aisghabháil nó nach féidir bearta réamhchúraim a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnach, maidir le leithleachas an cháis, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoi sin agus luafaidh sé na cúiseanna.

Ar bhonn na faisnéise a gheofar ón údarás iarrtha, féadfaidh an t-údarás is iarratasóir iarraidh air an nós imeachta maidir le haisghabháil nó le bearta réamhchúraim a athoscailt. Déanfar an iarraidh sin laistigh de 2 mhí ó fhógra a fháil maidir le toradh an nós imeachta sin, agus déanfaidh an t-údarás iarrtha an iarraidh a láimhseáil i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann leis an iarraidh thosaigh.

Tráth nach déanaí ná ag deireadh gach tréimhse 6 mhí tar éis dháta admhála fála na hiarrata ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim, cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás is iarratasóir ar an eolas faoi staid an dul chun cinn nó faoi thoradh an nós imeachta um aisghabháil nó bearta réamhchúraim.

Measfar éileamh a bheith aisghafa i gcomhréir le aisghabháil an mhéid arna sloinneadh in airgeadra náisiúnta an údaráis iarrtha, ar bhonn an ráta malairte dá dtagraítear in Airteagal 4(2) thuas.

Airteagal 7

Obair leantach ar chonspóidí

1. Aon chaineamh a dhéantar i Stát an údaráis is iarratasóir chun an t-éileamh nó an ionstraim lena gceadaítear a fhorghníomhú a chonspóid, cuirfidh an t-údarás is iarratasóir sin in iúl don údarás iarrtha go díreach tar éis don údarás iarrtha a bheith curtha ar an eolas faoin ngníomhaíocht sin.

2. Más rud é, de réir na ndlíthe, na rialachán agus na gcleachtas riaracháin atá i bhfeidhm sa Stát iarrtha, nach gceadaítear bearta réamhchúraim nó an aisghabháil arna n-iarraidh faoin dara agus faoin tríú fómhír d'Airteagal PVAT.29 (4) den Phrótacal, tabharfaidh an t-údarás iarrtha fógra ina leith don údarás is iarratasóir a luaithe agus is féidir agus in aon chás laistigh d'aon mhí amháin ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil.

3. Déanfaidh an t-údarás iarrtha fógra a thabhairt don údarás is iarratasóir láithreach tar éis don údarás iarrtha an ghníomhaíocht sin a chur ar an eolas faoi aon bheart a rinneadh sa Stát iarrtha i leith aisíocaíocht suimeanna a aisghabhadh nó i leith cúiteamh i ndáil le héilimh atá á gconspóid a aisghabháil.

4. Chomh fada agus is féidir leis, tabharfaidh an t-údarás iarrtha páirt don údarás is iarratasóir sna nósanna imeachta maidir leis an méid atá le haisíoc agus an cúiteamh atá dlite a shocrú. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ón údarás iarrtha, aistreoidh an t-údarás is iarratasóir na suimeanna a aisíocadh agus an cúiteamh a íocadh laistigh de 2 mhí ón iarraidh sin a fháil.

Airteagal 8

Coigeartuithe ar na méideanna a n-iarrtar cúnamh ina leith

1. I gcás ina bhfágfar an iarraidh ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim gan chuspóir mar thoradh ar an éileamh a bheith íoctha nó curtha ar ceal nó ar aon chúis eile, tabharfaidh an t-údarás is iarratasóir fógra don údarás iarrtha láithreach ionas go bhféadfaidh an t-údarás iarrtha deireadh a chur le haon ghníomhaíocht atá ar bun aige.

2. I gcás ina ndéanfar méid an éilimh atá faoi réir iarraidh ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim a choigeartú trí chinneadh ón údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal PVAT.29(1) den Phrótacal, tabharfaidh an t-údarás is iarratasóir eolas maidir leis an gcinneadh sin don údarás iarrtha agus, má iarrtar aisghabháil, cuirfidh sé ar aghaidh ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha. Is é an t-údarás is iarratasóir a chomhlíonfaidh an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú sa Stát iarrtha nó déanfar faoina chúram é, ar bhonn an chinnidh lena choigeartaíodh méid an éilimh.

3. Má tá laghdú ar mhéid an éilimh ag baint leis an gcoigeartú dá dtagraítear i mír 2, leanfaidh an t-údarás iarrtha lena ghníomhaíocht aisghabháil nó bearta réamhchúraim a dhéanamh, ach beidh an ghníomhaíocht teoranta don mhéid atá le híoc.

Más rud é, nuair a thabharfar fógra don údarás iarrtha maidir leis an laghdú ar mhéid an éilimh, gur aisghabháil an t-údarás iarrtha méid is mó ná an méid atá fós le híoc cheana féin ach nach bhfuil tús curtha leis an nós imeachta aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 9 den Chinneadh seo go fóill, aisíocfaidh an t-údarás iarrtha an méid a ró-íocadh don duine atá ina theideal.

4. I gcás ina bhfuil méadú ar mhéid an éilimh ag baint leis an gcoigeartú dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an t-údarás is iarratasóir iarraidh leasaithe ar aisghabháil nó ar bhearta réamhchúraim a chur faoi bhráid an údaráis iarrtha.

Is é an t-údarás iarrtha a láimhseálfad an iarraidh leasaithe sin, chomh fada agus is féidir, agus láimhseálfar í an tráth céanna leis an iarraidh thosaigh ón údarás is iarratasóir. Más rud é, i bhfianaise staid dul chun cinn an nós imeachta atá ann faoi láthair, nach féidir an iarraidh leasaithe a chomhdhlúthú leis an iarraidh thosaigh, ní chomhlíonfaidh an t-údarás iarrtha an iarraidh leasaithe ach amháin má tá méid nach lú ná an méid dá dtagraítear in Airteagal PVAT.33(4) den Phrótacal i gceist.

5. Chun méid an éilimh a thagann as an gcoigeartú dá dtagraítear i mír 2 a chomhshó in airgeadra an Stáit iarrtha, úsáidfidh an t-údarás is iarratasóir an ráta malairte a úsáideadh ina iarraidh thosaigh.

Airteagal 9

Méideanna aisghafa a aistriú

1. Déanfar na méideanna aisghafa a aistriú laistigh de 2 mhí ón dáta a aisghabhfar é, mura gcomhaontóidh na Stáit a mhalairt.

2. I gcás ina ndéanfar bearta aisghabhála a chuireann an t-údarás iarrtha i bhfeidhm a chonspóid ar chúis nach bhfuil faoi chúram an Stáit is iarratasóir, féadfaidh an t-údarás iarrtha fanacht chun aon suim a aisghabhadh maidir le héileamh an Stáit is iarratasóir a aistriú, go dtí go socrófar an díospóid, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas an tráth céanna:

- (a) measann an t-údarás iarrtha gur dócha go mbeidh toradh na conspóide fabhrach don pháirtí atá i gceist; agus
- (b) nach bhfuil sé dearbhaithe ag an údarás is iarratasóir go n-aisíocfaidh sé na suimeanna a aistríodh cheana féin más rud é go bhfuil toradh na conspóide sin fabhrach don pháirtí lena mbaineann.

3. Má rinne an t-údarás is iarratasóir dearbhú aisíocaíocht a dhéanamh i gcomhréir le pointe (b) de mhír 2, aisíocfaidh sé na méideanna aisghafa a d'aistrigh an t-údarás iarrtha cheana féin laistigh de mhí amháin ón iarraidh ar aisíocaíocht a fháil. Sa chás sin, aon chúiteamh eile atá dlí, beidh sé le hóc ag an údarás iarrtha amháin.

Arna dhéanamh in ..., an ...

*Thar ceann an Choiste Speisialaithe Trádála
Na Comhchathaoirligh*

IARSCRÍBHINN IV

CINNEADH Uimh. X/2023 ón gCOISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA

um Chomhar Riaracháin i dtaca le CBL agus Cánacha agus Dleachtanna a Aisghabháil ARNA BHUNÚ LEIS AN gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, DE PHÁIRT, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

an ...

maidir le foirmeacha caighdeánacha chun faisnéis agus sonraí staidrimh a chur in iúl, maidir le tarchur faisnéise trí Líonra Cumarsáide Coiteann agus maidir leis na socruithe praiticiúla i dtaca le heagrú na dteagmhálacha idir na lároifigí idirchaidrimh agus na ranna idirchaidrimh

AN COISTE SPEISIALAITHE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ⁽¹⁾ ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') agus go háirithe a Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil ('an Prótacal'), go háirithe pointí (d), (e), (f), (h) agus (i) d'Airteagal PVAT.39(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Baineann comhar riaracháin faoin bPrótacal le malartú frithpháirteach faisnéise agus sonraí staidrimh.
2. Tá uirlisí chun faisnéis a chur in iúl, amhail foirmeacha caighdeánacha agus córais cumarsáide leictreonaí, curtha chun feidhme cheana féin faoi chuimsiú Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle ⁽²⁾ agus Threoir 2010/24/AE ón gComhairle ⁽³⁾ agus ní gá ach mionleasuithe a dhéanamh orthu chun freastal ar chomhar riaracháin agus ar chúnamh aisghabhála faoin bPrótacal.
3. Is gá socruithe praiticiúla a ghlacadh chun pointí (d), (e), (f), (h) agus (i) d'Airteagal PVAT.39(2) den Phrótacal a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foirmeacha caighdeánacha le haghaidh cumarsáide

1. Chun iarrataí, faisnéis agus aiseolas a chur in iúl faoi Theideal II den Phrótacal, bainfidh na húdaráis inniúla úsáid as na foirmeacha caighdeánacha atá i gceangal le hlarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.
2. Chun iarrataí a chur in iúl agus cumarsáid bhreise a dhéanamh maidir le hiarrataí faoi Theideal III den Phrótacal, an fhoirm aonfhoirmeach um fhógra agus an ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear a forghníomhú i Stát an údaráis iarrtha nó an ionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear a forghníomhú i Stát an údaráis iarrtha, bainfidh na húdaráis inniúla úsáid as na foirmeacha caighdeánacha atá i gceangal le hlarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

⁽¹⁾ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnaimh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1).

3. Féadfar struchtúr agus leagan amach na bhfoirmeacha caighdeánacha a chur in oiriúint d'aon cheanglas agus cumas nua de chuid na gcóras cumarsáide agus malartaithe faisnéise, ar choinníoll nach ndéanfar athrú substaintiúil ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis atá iontu.

Airteagal 2

Faisnéis a tharchur trí bhíthin CCN

An fhaisnéis uile a chuirfear in iúl de bhun Theidil II agus III den Phrótacal, ní dhéanfar í a tharchur ach trí mheán leictreonach tríd an Líonra Cumarsáide Coiteann (CCN), ach amháin más rud é nach bhfuil sé sin indéanta ar chúiseanna teicniúla.

Airteagal 3

Eagrú na dteagmhálacha

- Go dtí go bhfógrófar a mhálairt, is iad na lároifigí idirchaidrimh seo a leanas go príomha a bheidh freagrach as Teideal II den Phrótacal a chur i bhfeidhm:
 - thar ceann na Ríochta Aontaithe: Ioncam agus Custam an Rí, Lároifig Idirchaidrimh CBL na Ríochta Aontaithe;
 - thar ceann na mBallstát: na lároifigí idirchaidrimh arna n-ainmniú chun comhar riaracháin a dhéanamh idir na Ballstáit i réimse CBL.
- Go dtí go bhfógrófar a mhálairt, is iad na lároifigí idirchaidrimh seo a leanas a bheidh freagrach go príomha as Teideal III den Phrótacal a chur i bhfeidhm:
 - thar ceann na Ríochta Aontaithe: Ioncam agus Custam na Banríona, Bainistiú Fiachais na Banríona;
 - thar ceann na mBallstát: na lároifigí idirchaidrimh arna n-ainmniú le haghaidh cúnamh maidir le haisghabháil idir na Ballstáit.
- Malartóidh na Páirtithe aon athrú maidir leis na lároifigí idirchaidrimh trí Rúnaíocht an Choiste Speisialaithe Trádála.
- Déanfaidh na lároifigí idirchaidrimh arna n-ainmniú de bhun Airteagal PVAT.4(2) den Phrótacal liosta de na ranna idirchaidrimh agus de na hoifigigh inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal PVAT.4(3) agus (4) a choinneáil cothrom le dáta. Malartóidh na Páirtithe na liostaí agus an méid a thugtar cothrom le dáta trí Rúnaíocht an Choiste Speisialaithe Trádála.

Airteagal 4

Ábhar agus formáid na sonraí staidrimh

- Sainmhínítear ábhar agus formáid na sonraí staidrimh maidir le cur i bhfeidhm Theideal II atá le cur in iúl i gcomhréir le hAirteagal PVAT.18 den Phrótacal san fhoirm chaighdeánach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.
- Sainmhínítear ábhar agus formáid na sonraí staidrimh maidir le cur i bhfeidhm Theideal III atá le cur in iúl i gcomhréir le hAirteagal PVAT.37 den Phrótacal san fhoirm chaighdeánach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in ..., an ...

*Thar ceann an Choiste Speisialaithe Trádála
Na Comhchathaoirligh*

Iarscríbhinn I

Foirmeacha caighdeánacha chun iarrataí, faisnéis agus aiseolas a chur in iúl faoi Theideal II [Comhar riaracháin agus calaois CBL a chomhrac]

Foirm chaighdeánach le haghaidh iarrataí ar fhaisnéis, le haghaidh malartú faisnéise gan choinne agus le haghaidh aiseolais idir Ballstáit an Aontais agus an Ríocht Aontaithe faoin bPrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse CBL

Tagairt malartaithe faisnéise:

A) BUNFHAISNÉIS	
A1	
An Stát iarrthach:	An Stát iarrtha:
An t-údarás iarrthach:	An t-údarás iarrtha:
A2	
Oifigeach atá ag déileáil leis an iarraidh/malartú san údarás iarrthach:	Oifigiúil ag déileáil leis an bhfreagra ar an iarraidh/malartú san údarás iarrtha:
Ainm:	Ainm:
Ríomhphost:	Ríomhphost:
Teileafón:	Teileafón:
Teanga:	Teanga:
A3	
Tagairt náisiúnta an údaráis iarrthaigh:	Tagairt náisiúnta an údaráis iarrtha:
Spás in áirithe don údarás iarrthach:	Spás in áirithe don údarás iarrtha:
A4	
Dáta tarchurtha na hiarrata/an mhalartaithe:	Dáta tarchurtha an fhreagra:
A5	
An líon ceangaltán a ghabhann leis an iarraidh/malartú:	An líon ceangaltán a ghabhann leis an bhfreagra:
A6	
— Iarraidh/malartú ginearálta	<input type="checkbox"/> Mise, an t-údarás iarrtha, ní bheidh mé in ann freagra a thabhairt laistigh de na sprioc-amanna seo a leanas:
— Iarraidh ar fhaisnéis	— 3 mhí
— Malartú faisnéise gan choinne	— aon mhí amháin i gcás faisnéis atá i mo sheilbh cheana
<input type="checkbox"/> Tá aiseolas maidir le malartú faisnéise gan choinne á iarraidh	An chúis leis an moill:
— Iarraidh/malartú frith-chalaoise	

— Iarraidh ar fhaisnéis	
— Calaois trádálaí ar iarraidh – Rialú clárúcháin/ Gníomhaíocht ghnó	
— Soláthar faisnéise gan choinne	
<input type="checkbox"/> Tá aiseolas maidir le soláthar faisnéise gan choinne á iarraidh	
	<input type="checkbox"/> An t-achar ama freagartha measta:
	<input type="checkbox"/> Údaráíonn údarás iarrtha an Stáit faisnéis a tharchur chuig Stát eile (Airteagal PVAT.6(6) den Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na Cánach Breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a aisghabháil)
	<input type="checkbox"/> Iarrtar aiseolas maidir leis an bhfreagra

De bhun Airteagal PVAT.6(4) den Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na Cánach Breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a aisghabháil, ceadóidh an Stát a sholáthraíonn an fhaisnéis, ar bhonn iarraidh réasúnaithe, an fhaisnéis a fhaightear chun críoch eile seachas na críocha sin dá dtagraítear in Airteagal PVAT.2(1) den Phrótacal sin a úsáid.

B) IARRAIDH AR FHAISNÉIS GHINEARÁLTA

An t-údarás iarrthach	Údarás iarrtha	An t-údarás iarrtha (*)
B1 Uimhir aitheantais CBL (murach sin, uimhir aitheantais chánach)	B1 Uimhir aitheantais CBL (murach sin, uimhir aitheantais chánach) — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním
Uimhir CBL:	Uimhir CBL:	Uimhir CBL:
<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL	<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL	<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL
Uimhir aitheantais chánach:	Uimhir aitheantais chánach:	Uimhir aitheantais chánach:

(*) Sa tríú colún seo, líonfaidh an t-údarás iarrtha an fhaisnéis a d'iarr an t-údarás iarrthach isteach (tic a chur sa bhosca 'le líonadh isteach' sa dara colún) nó deimhneoidh sé go bhfuil an fhaisnéis a sholáthair an t-údarás iarrthach fíor (tic a chur sa bhosca 'le deimhniú' agus faisnéis a sholáthar sa dara colún).

B2 Ainm	B2 Ainm — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním Ainm:
B3 Trádainm	B3 Trádainm — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním Trádainm:
B4 Seoladh	B4 Seoladh — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním Seoladh:
B5 Na dátaí seo a leanas san fhormáid (BBBB/MM/LL):	B5 Na dátaí seo a leanas san fhormáid (BBBB/MM/LL): — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním
(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach
(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach
(c) Ionchorprú	(c) Ionchorprú	(c) Ionchorprú
B6 Dáta thús na gníomhaíochta	B6 Dáta thús na gníomhaíochta — Le líonadh isteach — Le deimhniú Dáta thús na gníomhaíochta	— Deimhním — Ní dheimhním Dáta thús na gníomhaíochta

B7	Dáta scor na gníomhaíochta	B7 Dáta scor na gníomhaíochta — Le líonadh isteach — Le deimhniú Dáta scor na gníomhaíochta	— Deimhním — Ní dheimhním Dáta scor na gníomhaíochta
B8	Ainmneacha na mbainisteoirí/na stiúrthóirí	B8 Ainmneacha na mbainisteoirí/na stiúrthóirí — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním
B9	Ainmneacha na n-úinéirí, na ndílseánach, na gcomhlach, na gcomhpháirtithe, na ngníomhairí, na bpáirtithe leasmhara nó na ndaoine a bhfuil cearta eile acu sa ghnólacht	B9 Ainmneacha na n-úinéirí, na ndílseánach, na gcomhlach, na gcomhpháirtithe, na ngníomhairí, na bpáirtithe leasmhara nó na ndaoine a bhfuil cearta eile acu sa ghnólacht — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním
B10	An cineál gníomhaíochta	B10 An cineál gníomhaíochta — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním
(a)	Stádas dlíthiúil an ghnólachta	(a) Stádas dlíthiúil an ghnólachta	(a) Stádas dlíthiúil an ghnólachta
(b)	An phríomhghníomhaíocht iarbhír ^(*)	(b) An phríomhghníomhaíocht iarbhír	(b) An phríomhghníomhaíocht iarbhír
B11	An cineál idirbhirt	An cineál idirbhirt B11 Na hearraí/seirbhísí atá bainteach — Le líonadh isteach — Le deimhniú	An cineál idirbhirt B11 Na hearraí/seirbhísí atá bainteach — Deimhním — Ní dheimhním

(*) Ciallaíonn an phríomhghníomhaíocht iarbhír an fhíor-phríomhghníomhaíocht a dhéanann an gnólacht (seachas gníomhaíocht eile a d'fhéadfadh a bheith dearbhaithe).

An tréimhse agus an méid lena mbaineann an iarraidh/malartú		
B12 Soláthar earraí ó thír amháin go tír eile		
Ó	Tréimhse	Tréimhse
Go	Méid	Méid
Foinsí: <input type="checkbox"/> Córas malartaithe faisnéise CBL (VIES) <input type="checkbox"/> Eile		
B13 Soláthar seirbhísí ó thír amháin go tír eile		
Ó	Tréimhse	Tréimhse
Go	Méid	Méid
Foinsí: <input type="checkbox"/> VIES <input type="checkbox"/> Eile		

C) FAISNÉIS BHREISE

Clárú

C1 Ní shainiúitear an duine inchánach sa Stát iarrtha ()an duine inchánach sa Stát iarrthach () faoi láthair chun críocha CBL.

De réir VIES nó foinsí eile, rinneadh soláthairtí tar éis an dáta ar scoireadh den ghníomhaíocht. Le míniú.

C2 Ní shainiúitear an duine inchánach sa Stát iarrtha ()an duine inchánach sa Stát iarrthach () chun críocha CBL.

De réir VIES nó foinsí eile, rinneadh soláthairtí roimh an dáta clárúcháin. Le míniú.

 Idirbhearta earraí/seirbhísí

 Earraí

- C3 De réir VIES nó foinsí eile, rinne an duine inchánach sa Stát iarrtha soláthairtí earraí ach is é cé acu den mhéid seo a leanas a rinne an duine inchánach sa Stát iarrthach:
- níor dhearbhaigh sé gur ceannaíodh na hearraí;
 - séanann sé go bhfuarthas na hearraí;
 - dhearbhaigh sé ceannach le haghaidh méid difriúil agus is é an méid dearbhaithe: Déan imscrúdú air sin agus mínigh.
- Cuirim i gceangal leis seo cóipeanna de dhoiciméid atá i mo sheilbh.
- C4 Ní fhreagraíonn an ceannach atá dearbhaithe ag an duine inchánach sa Stát iarrthach don fhaisnéis ó VIES nó ó fhoinsí eile. Déan imscrúdú air sin agus mínigh.
- C5 Tabhair na seoltaí inar seachadadh na hearraí.

 Seoltaí:

- C6 Deir an duine inchánach sa Stát iarrthach go ndearnadh an soláthar do dhuine sa Stát iarrtha. Deimhnigh go bhfuarthas na hearraí agus cé acu a bhí nó nach raibh siad:
- | | | |
|---|------|-------|
| <input type="checkbox"/> san áireamh: | — Tá | — Níl |
| <input type="checkbox"/> dearbhaithe/íoctha ag an duine inchánach sa Stát iarrtha | — Tá | — Níl |

Ainm agus/nó uimhir aitheantais CBL an duine inchánach sa Stát iarrtha.

 Réamhghluaiseacht/gluaisteacht ar aghaidh na n-earraí

- C7 Cé ó ar ceannaíodh na hearraí? Tabhair ainmneacha, trádainmneacha agus uimhreacha CBL i mbosca C41.
- C8 Cé leis ar díoladh na hearraí? Tabhair ainmneacha, trádainmneacha agus uimhreacha CBL i mbosca C41.

 Seirbhísí

- C9 De réir VIES nó foinsí eile, rinne an duine inchánach sa Stát iarrtha soláthairtí seirbhísí atá inchánach sa Stát iarrthach ach is é cé acu den mhéid seo a leanas a rinne an duine inchánach sa Stát iarrthach:
- níor dhearbhaigh sé an tseirbhís;
 - séanann sé go bhfuarthas an tseirbhís;
 - dhearbhaigh sé go bhfuarthas an tseirbhís ar mhéid difriúil agus is é an méid dearbhaithe: Déan imscrúdú air sin agus mínigh.

-
- Cuirim i gceangal leis seo cóipeanna de dhoiciméid atá i mo sheilbh.
- C10 Ní fhreagraíonn an ceannach atá dearbhaithe ag an duine inchánach sa Stát iarrthach don fhaisnéis ó VIES nó ó fhoinsí eile. Déan imscrúdú air sin agus mínigh.
- C11 Tabhair na seoltaí inar soláthraíodh na seirbhísí.
-

Seoltaí:

-
- C12 Deir an duine inchánach sa Stát iarrthach go ndearnadh an soláthar do dhuine sa Stát iarrtha. Deimhnigh gur soláthraíodh na seirbhísí agus cibé acu an raibh siad:

- | | | |
|---|------|-------|
| <input type="checkbox"/> san áireamh: | — Tá | — Níl |
| <input type="checkbox"/> dearbhaithe/íoctha ag an duine inchánach sa Stát iarrtha | — Tá | — Níl |

Ainm agus/nó uimhir aitheantais CBL an duine inchánach sa Stát iarrtha.

Iompar earraí

- C13 Tabhair ainm/uimhir aitheantais CBL agus seoladh an iompróra.

Ainm agus/nó uimhir aitheantais CBL agus seoladh:

-
- C14 Cé a d'ordaigh agus a d'íoc iompar na n-earraí?

Ainm agus/nó uimhir aitheantais CBL agus seoladh:

-
- C15 Cé leis an modh iompair a úsáidtear?

Ainm agus/nó uimhir aitheantais CBL agus seoladh:

Sonraisc

- C16 Soláthraigh méid an tsonraisc agus an t-airgeadra.
-

 Íocaíocht

C17 Soláthraigh an méid a íocadh agus an t-airgeadra.

C18 Tabhair ainm shealbhóir an chuntais bainc agus uimhir an chuntais óna ndearnadh an íocaíocht agus/nó chuig a ndearnadh í.

Ó:

Ainm shealbhóir an chuntais:

Uimhir IBAN nó uimhir chuntais:

Banc:

Chuig:

Ainm shealbhóir an chuntais:

Uimhir IBAN nó uimhir chuntais:

Banc:

C19 Tabhair na sonraí seo a leanas i gcás ina ndearnadh an íocaíocht in airgead tirim:

- Cé a thug an t-airgead, cé dó, cén áit agus cén uair?
- Cén doiciméad (admháil airgid, etc.) a eisíodh lena ndeimhnítear an íocaíocht?

C20 An bhfuil aon fhianaise ann maidir le híocaíochtaí tríú páirtithe? Má tá, tabhair faisnéis bhreise le do thoil i mbosca C41

	— Tá	— Níl
--	------	-------

Ordú a dhéanamh

C21 Tabhair na sonraí uile atá ar fáil maidir leis an duine a chuir an t-ordú isteach, conas a cuireadh an t-ordú agus conas a bunaíodh an teagmháil idir an soláthraí agus an custaiméir.

Earraí a chumhdaítear le scéimeanna speisialta/nósanna imeachta ar leith
Cuir tic sa bhosca iomchuí agus scríobh do cheist i mbosca C40

C22 Idirbhearta triantánacha.

C23 Scéim corrlaigh.

C24 Ciandíolacháin earraí

- cumhdaithe le scéim an Aontais
- cumhdaithe leis an scéim allmhairiúcháin

C25 Modhanna nua iompair arna ndíol le daoine neamh-inchánacha.

C26 Díolúine faoin Nós Imeachta Custaim 42XX/63XX.

C27 Gás agus leictreachas.

C28 Socruithe stoic ar glao.

C29 Eile:

Seirbhísí a chumhdaítear le forálacha áirithe
Cuir tic sa bhosca iomchuí agus scríobh do cheist i mbosca C40

- C30 Soláthar seirbhísí arna soláthar ag idirghabhálaí.
- C31 Soláthar seirbhísí a bhaineann le maoin dhochorraithe.
- C32 Soláthairtí iompair paisinéirí.
- C33 Soláthairtí iompair earraí.
- C34 Seirbhísí cultúrtha, ealaíne, spóirt, eolaíochta, oideachais, siamsaíochta agus seirbhísí den chineál céanna, seirbhísí coimhdeacha iompair agus luachálacha maoiné inláimhsithe sochorraithe agus obair ar maoin shochorraithe inláimhsithe a sholáthar.
- C35 Soláthar seirbhísí bialainne agus lónadóireachta seachas mar a fhoráiltear ag C37.
- C36 Soláthairtí fruilithe iompair.
- C37 Soláthar seirbhísí bialainne agus lónadóireachta lena dtomhailt ar bord long, aerárthaí nó traenacha.
- C38 Soláthar seirbhísí
- cumhdaithe le scéim an neamh-Aontais
- cumhdaithe le scéim an Aontais
- C39 Seirbhísí a gcuirtear rialacha éifeachtacha maidir le húsáid agus taitneamh i bhfeidhm ina leith.
- C40 Faisnéis chúlra agus ceisteanna breise

C41 Bosca freagra saorthéacs

D) DOICIMÉID A IARRAIDH

Tabhair cóipeanna de na doiciméid seo a leanas (i gcás inarb infheidhme féach an méid agus an tréimhse i gcodanna B12 agus B13)

<input type="checkbox"/> D1	Sonraisc	— Soláthartha	— Níl teacht orthu
<input type="checkbox"/> D2	Conarthaí	— Soláthartha	— Níl teacht orthu
<input type="checkbox"/> D3	Orduithe	— Soláthartha	— Níl teacht orthu
<input type="checkbox"/> D4	Fianaise ar íocaíochtaí	— Soláthartha	— Níl teacht uirthi
<input type="checkbox"/> D5	Doiciméadacht maidir leis an iompar	— Soláthartha	— Níl teacht uirthi
<input type="checkbox"/> D6	Mórleabhar creidiúnaí don duine inchánach sa Stát iarrtha	— Soláthartha	— Níl teacht air
<input type="checkbox"/> D7	Mórleabhar féichiúnaí don duine inchánach sa Stát iarrtha	— Soláthartha	— Níl teacht air

□D8	Cláir stoic ar glao Ó Go	— Soláthartha	— Níl teacht orthu
□D9	Taifid ionaid ilfhreastail/ionaid ilfhreastail allmhairithe Ó Go	— Soláthartha	— Níl teacht orthu
□D10	Ráitis cuntais bainc Ó Go	— Soláthartha	— Níl teacht orthu
□D11	Eile	— Soláthartha	— Níl teacht air

E) SOLÁTHAR FAISNÉISE GAN CHOINNE (GINEARÁLTA)

- E1 Bunaithe ar thaifid an duine inchánach sa Stát is seoltóir, is cosúil gur cheart iad a chlárú sa Stát is faighteoir.
- E2 De réir thaifid an duine inchánach sa Stát is seoltóir, earraí/ sholáthair an duine inchánach seirbhísí dóibh sa Stát is faighteoir, ach níl aon fhaisnéis ar fáil trí shonraí VIES/Custaim ná foinsí eile.
- E3 De réir thaifid an duine inchánach sa Stát is seoltóir, tá CBL le híoc ar earraí a soláthraíodh don Stát is faighteoir, ach níor iontráladh aon sonraí VIES/Custaim ná foinsí eile.
- E4 De réir VIES/Custaim nó sonraí foinsí eile, rinne an duine inchánach sa Stát is faighteoir soláthairtí do dhuine inchánach sa Stát is seoltóir, ach is é cé acu den mhéid seo a leanas a rinne an dara duine inchánach:
- ní dhearbhaigh sé ceannach na n-earraí/go bhfuarthas na seirbhísí;
- séanann sé ceannach na n-earraí/go bhfuarthas na seirbhísí.
- E5 De réir thaifid an duine inchánach sa Stát is seoltóir, tá CBL le híoc ar sheirbhísí a soláthraíodh sa Stát is faighteoir.
- E6 Cúlra agus faisnéis bhreise:
- E7 Cuirim i gceangal leis seo cóipeanna de shonraisc atá i mo sheilbh.

F) CALAOIS TRÁDÁLAÍ AR IARRAIDH: RIALÚ CLÁRÚCHÁIN/GNÍOMHAÍOCHT GHNÓ

A) Sainaitint an ghnólachta

An t-údarás iarrthach	Údarás iarrtha	An t-údarás iarrtha ⁽⁶⁾
F1 Uimhir aitheantais CBL (murach sin, uimhir aitheantais chánach)	F1 Uimhir aitheantais CBL (murach sin, uimhir aitheantais chánach) — Le líonadh isteach	

⁽⁶⁾ Sa tríú colún seo, líonfaidh an t-údarás iarrtha an fhaisnéis a d'iarr an t-údarás iarrthach isteach (tic a chur sa bhosca 'le líonadh isteach' sa dara colún) nó deimhneoidh sé go bhfuil an fhaisnéis a sholáthair an t-údarás iarrthach fíor (tic a chur sa bhosca 'le deimhniú' agus faisnéis a sholáthar sa dara colún).

Uimhir CBL:	— Le deimhniú Uimhir CBL:	— Deimhním — Ní dheimhním Uimhir CBL:
<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL	<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL	<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL
Uimhir aitheantais chánach:	Uimhir aitheantais chánach:	Uimhir aitheantais chánach:
F2 Ainm	F2 Ainm — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním Ainm:
F3 Seoladh	F3 Seoladh — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním Seoladh:
F4 Na dátaí seo a leanas san fhormáid (BBBB/MM/LL):	F4 Na dátaí seo a leanas san fhormáid (BBBB/MM/LL): — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním
(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach
(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach
(c) Ionchorprú	(c) Ionchorprú	(c) Ionchorprú
F5 Úinéirí, dlíseánaigh, comhlaigh, comhpháirtithe, gníomhairí, páirtithe leasmhara nó daoine a bhfuil cearta eile acu sa ghnólacht	F5 Úinéirí, dlíseánaigh, comhlaigh, comhpháirtithe, gníomhairí, páirtithe leasmhara nó daoine a bhfuil cearta eile acu sa ghnólacht — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním

(a) Ainm	(a) Ainm	(a) Ainm
(b) Seoladh	(b) Seoladh	(b) Seoladh
(c) Dáta breithe	(c) Dáta breithe	(c) Dáta breithe
(d) Náisiúntacht	(d) Náisiúntacht	(d) Náisiúntacht
F6 Bainisteoirí/stiúrthóirí	F6 Bainisteoirí/stiúrthóirí — Le líonadh isteach — Le deimhniú	— Deimhním — Ní dheimhním
(a) Ainm	(a) Ainm	(a) Ainm
(b) Seoladh	(b) Seoladh	(b) Seoladh
(c) Dáta breithe	(c) Dáta breithe	(c) Dáta breithe
(d) Náisiúntacht	(d) Náisiúntacht	(d) Náisiúntacht

(B) An fhaisnéis a iarrtar

<input type="checkbox"/> F7	An bhfuil na daoine dá dtagraítear in F5 agus in F6 (agus a ndáta breithe más eol) in aon cheann de do bhunachair sonraí?	— Tá — Níl
<input type="checkbox"/> F8	An bhfuil taifead coiriúil airgeadais ag na daoine sin dá dtagraítear in F5 agus in F6?	<input type="checkbox"/> Ní féidir an fhaisnéis a thabhairt ar chúiseanna dlíthiúla. — Tá — Níl
<input type="checkbox"/> F9	An raibh na daoine sin dá dtagraítear in F5 agus in F6 rannpháirteach i gcalaois trádálaí ar iarraidh nó i gcineál eile calaoise?	<input type="checkbox"/> Ní féidir an fhaisnéis a thabhairt ar chúiseanna dlíthiúla. — Bhí — Ní raibh
<input type="checkbox"/> F10	An bhfuil cónaí ar na daoine sin dá dtagraítear in F5 agus F6 ag an seoladh nó an bhfuil baint acu leis an seoladh a tugadh?	— Tá — Níl
<input type="checkbox"/> F11	An seoladh cónaithe/gnó/lóistín shealadaigh/cuntasóra/eile é an seoladh a luadh?	— Is ea — Ní hea
<input type="checkbox"/> F12	Cad í an ghníomhaíocht ghnó?	
<input type="checkbox"/> F13	An bhfuil amhras ann maidir le comhlíonadh cánach an ghnólachta?	— Tá — Níl
<input type="checkbox"/> F14	Cad é an chúis atá le cealú na huimhreach CBL?	

<input type="checkbox"/> F15	Luaigh aon ghnólachtaí comhlachaithe (?) lena n-áirítear a uimhir aitheantais CBL agus aon tuairim maidir lena inchreidteacht.	
<input type="checkbox"/> F16	Tabhair sonraí faoi chuntais bhainc aitheanta an ghnólachta sa Stát iarrtha agus aon ghnólachtaí bainteacha.	
<input type="checkbox"/> F17	Soláthair faisnéis ó ráitis achoimre nó ó dhearbhuithe Custaim maidir le soláthairtí/ceannacháin earraí/seirbhísí le haghaidh na bliana/le haghaidh na mblianta:	
<input type="checkbox"/> F18	Soláthair faisnéis ó dhearbhuithe CBL/maidir le híocaíochtaí le haghaidh na bliana/na mblianta:	
<input type="checkbox"/> F19	Aon bharúil bhreise:	

G) FAISNÉIS A SHOLÁTHAR GAN CHOINNE (CALAOIS TRÁDÁLAÍ AR IARRAIDH)

An t-údarás is seoltóir	An t-údarás is faighteoir
Sainaitheint an ghnólachta	Sainaitheint an ghnólachta
G1 Uimhir aitheantais CBL (murach sin, uimhir aitheantais chánach)	G1 Uimhir aitheantais CBL (murach sin, uimhir aitheantais chánach)
Uimhir CBL:	Uimhir CBL:
<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL	<input type="checkbox"/> Níl teacht ar an uimhir CBL
Uimhir aitheantais chánach:	Uimhir aitheantais chánach:
G2 Ainm	G2 Ainm
G3 Seoladh	G3 Seoladh

(?) Is é sin aon ghnólacht ag a bhfuil stiúrtóirí coiteanna nó naisc dhlíthiúla, eacnamaíochta nó airgeadais eile leis an ngnólacht dá dtagraítear i gCeannteideal A.

G4 Na dátaí seo a leanas san fhormáid (BBBB/MM/LL):	G4 Na dátaí seo a leanas san fhormáid (BBBB/MM/LL):
(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(a) eisiúint na huimhreach aitheantais CBL/cánach
(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach	(b) cur ar ceal na huimhreach aitheantais CBL/cánach
(c) Ionchorprú	(c) Ionchorprú
G5 Úinéirí, dílseánaigh, comhlaigh, comhpháirtithe, gníomhairí, páirtithe leasmhara nó daoine a bhfuil cearta eile acu sa ghnólacht	G5 Úinéirí, dílseánaigh, comhlaigh, comhpháirtithe, gníomhairí, páirtithe leasmhara nó daoine a bhfuil cearta eile acu sa ghnólacht
(a) Ainm	(a) Ainm
(b) Seoladh	(b) Seoladh
(c) Dáta breithe	(c) Dáta breithe
(d) Náisiúntacht	(d) Náisiúntacht
G6 Bainisteoirí, stiúrthóirí	G6 Bainisteoirí, stiúrthóirí
(a) Ainm	(a) Ainm
(b) Seoladh	(b) Seoladh
(c) Dáta breithe	(c) Dáta breithe
(d) Náisiúntacht	(d) Náisiúntacht

Aon bharúil eile

H) AISEOLAS ⁽⁸⁾

Torthaí a bhaineann leis an bhfaisnéis a soláthraíodh:

1. D'eascair an méid seo a leanas as an bhfaisnéis a soláthraíodh:

- Rinneadh measúnú breise ar CBL nó ar chánacha eile. Tabhair sonraí maidir le cineál agus méid na cánach a measúnaíodh:

Cineál cánach:

Measúnú breise:

Pionóis:

- Clárú CBL.
- Díchlárú CBL.
- Cuireadh uimhir CBL ar ceal ó VIES nó ó bhunachar sonraí cláraithe le CBL.
- Rinneadh dearbhuithe CBL a cheartú.
- Fiosrúchán deisce.
- Nós imeachta iniúchóireachta nua nó úsáideadh an fhaisnéis a soláthraíodh mar chuid d'iniúchadh leanúnach.
- Imscrúdú calaoise.
- Iarraidh ar fhaisnéis.
- Láithreach in oifig riaracháin agus rannpháirtíocht i bhfiosrúcháin riaracháin.
- Rialú iltaobhach (MLC).
- Gníomhaíochtaí eile:
- Níor eascair aon ghníomhaíocht shubstaintiúil aisti.

2. Barúlacha eile:

Dáta an tarchurtha:

⁽⁸⁾ Le tabhairt ag an údarás inniúil a gheobhaidh an fhaisnéis.

Iarraidh ar fhógra (Airteagal PVAT. 12

Tagairt:

N_SS_RR_20YYMMDD-000000-000000

Teanga:

O) Imchlúdach

(O1) Stát is Iarratasóir:

An Stát iarrtha:

Údarás is iarratasóir:

An t-údarás iarrtha:

(O2) Oifigeach atá ag déileáil leis an malartú san údarás is iarratasóir:

Oifigeach atá ag déileáil leis an iarraidh/malartú san údarás iarrthach:

Ainm:

Ainm:

Ríomhphost:

Ríomhphost:

Teileafón:

Teileafón:

Facs:

Facs:

(O3) Tagairt an údaráis is iarratasóir:

Tagairt an údaráis iarrtha:

Spás in áirithe don údarás is iarratasóir:

Spás in áirithe don údarás iarrtha:

(O4) Dáta tarchurtha na hiarrata:

Dáta tarchurtha an fhreagra:

(O5) Ainm an iarrthóra:

Cáil oifigiúil an iarrthóra:

Leis seo iarrann an duine thíos-sínithe (#1) fógra, ag gníomhú dó mar ghníomhaire arna údarú go cuí ag an údarás is iarratasóir atá luaithe thuas, de bhun Airteagal PVAT.12 den Phrótocal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnaimh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil, maidir leis an ionstraim/leis an gcinneadh seo a leanas:

Faisnéis maidir leis an duine faoina bhfuil fógra le tabhairt

— I gcás daoine nádúrtha:

— I gcás eintitis dhlíthiúla:

Céadainm:

Ainm an teaghlaigh:

Sloinne roimh phósadh:

Dáta breithe agus áit bhreithe:

Dáta:

Áit:

Tír:

Seoladh:

Sráid:

Aitheantóir an fhoirgnimh:

Aitheantóir tithíochta:

Cathair:

Cód Poist:

Tír:

Ríomhphost:

Faisnéis a bhaineann leis an ionstraim (nó leis an gcinneadh)

Cineál agus ábhar na hionstraime (nó an chinmidh) faoina bhfuil fógra le tabhairt:

An dáta deiridh chun fógra a thabhairt i leith na ndoiciméad sin:

Faisnéis eile:

TORADH AN FHÓGRA
DEIMHNIÚ (AIRTEAGAL PVAT.12 DEN PHRÓTACAL)

Tagairt:

N_SS_RR_ 20YYMMDD-000000-000000

O) Imchlúdach

(O1) Stát is Iarratasóir:	An Stát iarrtha:
Údarás is iarratasóir:	An t-údarás iarrtha:
(O2) Oifigeach atá ag déileáil leis an malartú san údarás is iarratasóir:	Oifigeach atá ag déileáil leis an iarraidh/malartú san údarás iarrthach:
Ainm:	Ainm:
Ríomhphost:	Ríomhphost:
Teileafón:	Teileafón:
Facs:	Facs:
(O3) Tagairt an údaráis is iarratasóir:	Tagairt an údaráis iarrtha:
Spás in áirithe don údarás is iarratasóir:	Spás in áirithe don údarás iarrtha:
(O4) Dáta tarchurtha na hiarrata:	Dáta tarchurtha an fhreagra:

IARSCRÍBHINN II

FOIRMEACHA CAIGHDEÁNACHA CHUN IARRATAÍ A CHUR IN IÚL AGUS CUMARSÁID BHREISE A DHÉANAMH
MAIDIR LE HIARRATAÍ FAOI THEIDEAL III [CÚNAMH MAIDIR LE HAISGHABHÁIL]

Múnla A

Foirm aonfhoirmeach um fhógra ina soláthraítear faisnéis maidir le doiciméad nó doiciméid ar tugadh fógra ina leith

(le tarchur chuig seolaí an fhógra) ⁽¹⁾

Tá an doiciméad seo ag gabháil le doiciméad nó doiciméid leis seo a dtugann an t-údarás inniúil fógra ina leith i leith an Stáit seo a leanas: [ainm an Stáit iarrtha].

Baineann an fógra seo le doiciméid ó údarais inniúla an Stáit seo a leanas: [ainm an Stáit is iarratasóir], a d'iarr cúnaimh um fhógra, i gcomhréir le hAirteagal PVAT.27 den Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na Cánach Breislucha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a aisghabháil ('an Prótacal') idir an Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

Nóta: i gcomhréir le mír 4 d'Airteagal PVAT.38 den Phrótacal, féadfaidh baint a bheith ag an doiciméad sin freisin le héilimh eile seachas na héilimh dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 d'Airteagal PVAT.2 den Phrótacal, más féidir an cúnaimh maidir le haisghabháil sin a thabhairt faoi ionstraimí déthaobhacha nó iltaobhacha atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le comhar riaracháin idir an Ballstát sin de chuid an Aontais Eorpaigh agus an Ríocht Aontaithe.

A. SEOLAÍ AN FHÓGRA

- *Ainm*
- *Seoladh (atá ar eolas nó measta)*
- *Sonraí eile atá ábhartha maidir leis an seolaí a shainaithint*

B. CUSPÓIR AN FHÓGRA

Is iad cuspóirí an fhógra sin:

- an seolaí a chur ar an eolas faoin doiciméad/faoi na doiciméid lena bhfuil an doiciméad seo i gceangal.*
- briseadh a chur sa tréimhse theorann don éileamh/do na héilimh dá dtagraítear sa doiciméad/sna doiciméid ar tugadh fógra ina leith.*
- a dheimhniú don seolaí go bhfuil sé d'obleagáid air/uirthi na suimeanna dá dtagraítear faoi phointe D a íoc.*

Tabhair do d'aire go bhféadfaidh na húdarais, d'uireasa íocaíochta, bearta um fhorghníomhú agus/nó bearta réamhchúraim a dhéanamh chun a áirithiú go n-aisghabhfar an t-éileamh/na héilimh. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh costais bhreise as sin, agus is ar an seolaí a thitfeadh na costais sin.

Tá an fógra seo á sheoladh chugat, óir meastar gurb é atá ionat:

- an príomh-fhéichiúnaí*
- comhfhéichiúnaí*
